Struchtúr Teaghlaigh i measc leanaí scoile in Éirinn

Aoife Gavin, Siobhán O'Higgins agus foireann HBSC na hÉireann, an tIonad Taighde um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh.
Táimid fíorbhuíoch d'Oifig an Aistriúcháin in OÉG as an obair aistriúcháin ar fad a rinneadh.

HBSC na hÉireann

Staidéar taighde is ea Iompraíocht Sláinte i measc Leanaí ag Aois Scoile (HBSC) a rinne líonra idirnáisiúnta d'fhoirne taighde[1] i gcomhar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (An Eoraip) agus a chomhordaigh an tOllamh Candace Currie ó Ollscoil Dhún Éideann. Sa bhliain 2006, rinne HBSC na hÉireann suirbhé ar 10,334 leanbh scoile in Éirinn. Roghnaíodh na leanaí seo ó scoile-anna randamacha ar fud na tíre.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag:
http://www.hbsc.org
http://www.nuigalway.ie/hbsc/

Achoimre

Tá sé faighte amach ag HBSC na hÉireann 2006 go bhfuil 80.5% de leanaí in Éirinn ina gcónaí le beirt tuismitheoirí. Tá an céatadán sin ag laghdú de réir a chéile ó 1998 (88%). Ar an iomlán, ní raibh aon difríocht shuntasach idir buachaillí agus cailíní ó thaobh iad a bheith ina gcónaí leis an mbeirt tuismitheoirí. Is mó an seans go mbeidh togha na sláinte ag leanaí a léiríonn go gcónaíonn siad le beirt tuismitheoirí, go mbeidh siad thar a bheith sásta lena saol agus go mbeidh siad páirteach i ngníom-haíochtaí coirp. Is lú an seans go ndéarfaidh siad go gcuireann tinneas coirp nó intinne as go minic dóibh, go mbíonn siad ar meisce ó am go ham ná go bhfuil siad ag caitheamh tobac faoi láthair.

Cén fáth an t-ábhar seo?

Tá athrú tar éis teacht ar struchtúr traidisiúnta an teaghlaigh agus tá roghanna éagsúla tagtha chun cinn maidir le comhdhéanamh teaghlaigh[2]. Tá an líon leanaí nach gcónaíonn le beirt tuismitheoirí ag dul i méid. Tá tionchar ag struchtúr an teaghlaigh chomh maith leis an gcineál caidrimh atá taobh istigh den teaghlach ar an gcaoi a bhfásann daoine óga suas, ar a sláinte agus ar an gcaoi a n-iompraíonn siad iad féin[3].

Treochtaí 2002-2006

Tá laghdú tar éis teacht ar an líon leanaí a chónaíonn le beirt tuismitheoirí ó 85.6% in 2002 go 80.5% in 2006. Tugtar an laghdú faoi deara sa dá inscne agus i ngach aoisghrúpa ach tá an laghdú níos mó i gcás cailíní (ó 86.3% go 79.4%) ná i gcás buachaillí (84.7% go 81.6%). Tugtar an laghdú is mó faoi deara i measc cailíní san aoisghrúpa 15-17 (ó 85.7% go 77.8%).



An Céatadán leanaí a chónaíonn le beirt tuismitheoirí, de réir aoise agus inscne

Struchtúr Teaghlaigh i gcomhthéacs

- Is mó an seans go léireoidh leanaí a chónaíonn le beirt tuismitheoirí go bhfuil togha na sláinte acu (35% vs. 27%) agus go mothaíonn siad sona sásta (51.9% vs. 39.4%) ná leanaí nach gcónaíonn le beirt tuismitheoirí.
- Is lú an seans go léireoidh leanaí a chónaíonn le beirt tuismitheoirí go mbíonn cúrsaí mothúcháin (30.2% vs. 40.4%) agus sláinte coirp (31.5 vs. 41.5%) ag cur as dóibh go minic, ná leanaí nach gcónaíonn le beirt tuismitheoirí.
- Is lú an seans go léireoidh leanaí a chónaíonn le beirt tuismitheoirí go raibh siad ar meisce (29.7% vs. 43.7%) agus go bhfuil siad ag caitheamh tobac faoi láthair (12.8 vs. 24.8%) ná leanaí nach gcónaíonn le beirt tuismitheoirí.
- Is lú an seans go ndéanfaidh leanaí a chónaíonn le beirt tuismitheoirí bulaíocht ar leanaí eile (20.9% vs. 25.8%) ná leanaí nach gcónaíonn le beirt tuismitheoirí.
- Is mó an seans go léireoidh leanaí a chónaíonn le beirt tuismitheoirí go mbíonn siad ag aclaíocht níos minice ná ceithre huaire sa tseachtain (54% vs. 48%) ná leanaí nach gcónaíonn le beirt tuismitheoirí.



An céatadán de leanaí in aois a 15 a léiríonn go bhfuil siad ina gcónaí le beirt tuismitheoirí, de réir tíre

- Is mó an seans go léireoidh leanaí ó aicmí sóisialta (AS) níos airde go bhfuil siad ina gcónaí le beirt tuismitheoirí (AS 1-2: 86.5%; AS 3-4: 81.2%; SC 5-6: 79.9%).Text verdana 9.5pt

Idirnáisiúnta

De bharr go léiríonn 77% díobh go gcónaíonn siad le beirt tuismitheoirí, rangaítear leanaí scoile in aois a 15 in Éirinn san aonú áit déag i measc 41 tír san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh. Rangaítear Éire sa séú háit déag (76%) i measc leanaí in aois a 13 agus sa seachtú háit déag (77%) i measc leanaí in aois a 11.

Impleachtaí

Taispeánann na sonraí seo go bhfuil struchtúr an teaghlaigh ag athrú in Éirinn. Tá laghdú ar chéatadán na leanaí a chónaíonn le beirt tuismitheoirí. Cé nach léirítear cáilíocht an chaidrimh taobh istigh de theaghlaigh anseo, is léir ón ngaol dearfach atá idir sláinte agus folláine leanaí agus iad a bheith ina gcónaí le beirt tuismitheoirí, an gá atá le tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh i gcomhthéacs na n-athruithe atá ag teacht ar dhinimic an teaghlaigh féin. Léiríonn na torthaí go mbíonn níos mó fadhbanna maidir le sláinte coirp agus intinne acu siúd nach gcónaíonn le beirt tuismitheoirí agus gur mó an seans atá ann go mbeidh siad páirteach i ngníomhaíochtaí a dhéanfaidh dochar dóibh. Ba chóir na torthaí sin a scaipeadh go forleathan sa chaoi gur féidir leo siúd atá ag obair le leanaí nó ar son leanaí freagairt dóibh mar is cuí.

Tagairtí

1. Currie, C., Nic Gabhainn, S., Godeau, E., Roberts, C., Smith, R., Currie, D., Pickett, W., Richter, M., Morgan, A. & Barnekow, V. (eag.) (2008). *Inequalities in young people's health: HBSC international report from the 2005/2006 survey.* Copenhagen: WHO Regional Office for Europe, (Health Policy for Children and Adolescents, No 5.
2. Barnekow, V., Buijis, G., Clift, S., Bruun Jensen, B., Paulus, P., Rivett, D. & Young, I. (2007). *Health Promoting Schools: A resource for developing indicators*. Copenhagen: WHO Regional Office for Europe.
3. Wight, D., Williamson, L. & Henderson, M. (2006). Parental influences on young people's sexual behaviour: A longitudinal analysis. *Journal of Adolescence, 29*(4), 473-494.

Faigheann HBSC na hÉireann maoiniú ón Aonad Beartas um Chothú Sláinte, aonad de chuid na Roinne Sláinte agus Leanaí, agus ó Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na leanaí, leis na múinteoirí agus leis na scoileanna go léir a ghlac páirt sa taighde seo agus ba mhaith linn aitheantas a thabhairt dár gcomhghleacaithe san Ionad Taighde um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh.

Is féidir na bileoga eolais go léir chomh maith le foilseacháin agus tuarascálacha eile de chuid an HBSC a íoslódáil ónár láithreán gréasáin: http://www.nuigalway.ie/hbsc

Déan teagmháil linn ag: hbsc@nuigalway.ie

D'ullmhaigh Aoife Gavin, Siobhán O'Higgins, Graham Brennan, Pauline Clerkin, Aingeal de Róiste, Clíona Fitzpatrick, Colette Kelly, Michal Molcho, Larri Walker agus Saoirse Nic Gabhainn an bhileog eolais seo.